



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Samhain 2022
(OR. en)

15457/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0389(NLE)

POLCOM 193
COASI 225
ASIE 102

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	28 Samhain 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 653 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a bunaíodh faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch a mhéid a bhaineann leis an Liosta Saineolaithe a ghlacadh, agus na Rialacha Nós Imeachta maidir leis an bpainéal atá le tionóil chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar a bhaineann le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na nAirteagal ábhartha de Chaibidil 16

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 653 final.

Faoi iamh: COM(2022) 653 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.11.2022
COM(2022) 653 final

2022/0389 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a bunaíodh faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch a mhéid a bhaineann leis an Liosta Saineolaithe a ghlacadh, agus na Rialacha Nós Imeachta maidir leis an bpainéal atá le tionóil chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar a bhaineann le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na nAirteagal ábhartha de Chaibidil 16

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bunaíodh de bhun Airteagal 22.3 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, i ndáil le Liosta a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh de dhaoine aonair atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar shaineolaithe ar an bpainéal atá le tionól chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na nAirteagal ábhartha de Chaibidil 16 (Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe) den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin,

(a)

(b) na Rialacha Nós Imeachta maidir leis an bpainéal saineolaithe.

2. COMHTHÉACS AN MHOLTA

2.1. Comhaontú idir an tAontas agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch

Is é is aidhm don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch ('an Comhaontú') an trádáil agus an infheistíocht a léirscaoileadh agus a éascú, caidreamh eacnamaíoch níos dlúithe idir na Páirtithe a chur chun cinn, chomh maith le forbairt na trádála idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a chuirfidh le forbairt inbhuanaithe.

Thug Comhairle an Aontais Eorpaigh an Comhaontú i gcrích an 20 Nollaig 2018 tar éis do Pharlaimint na hEorpa é a dhaingniú an 12 Nollaig 2018. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Feabhra 2019.

2.2. An Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe

Le hAirteagal 22.3 (1) den Chomhaontú bunaítear coistí speisialaithe, lena n-áirítear an coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe, ina bhfuil ionadaithe ón dá Pháirtí. Is trí chomhthoil a ghlacfar cinntí agus moltaí uile na gcoistí speisialaithe agus féadfar iad a ghlacadh le cruinniú duine le duine nó i scríbhinn (Airteagal 22.3 (3) (f)).

2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag an gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe

De bhun mhír 4(d) d'Airteagal 16.18, bunóidh an Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe liosta de dheichniúr atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar shaineolaithe don phainéal atá le tionól chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na nAirteagal ábhartha de Chaibidil 16 (Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe) den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch.

Beidh trí fholiosta sa liosta: foliosta do gach Páirtí agus foliosta de dhaoine aonair nach náisiúnaithe de cheachtar den dá Pháirtí iad agus a fheidhmeoidh mar chathaoirleach ar an bpainéal.

Cuireadh le chéile dréachtliosta idir na páirtithe de dháréag atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar shaineolaithe.

Comhlíonann an liosta na ceanglais i mír 4(d) d'Airteagal 16.18 den Chomhaontú nach mór triúr ar a laghad a bheith ar gach foliosta. Tá ceathrar ar an bhfoliosta don Aontas Eorpach, tá

ceathrar ar an bhfoliosta don tSeapáin agus tá ceathrar ar an bhfoliosta de chathaoirleach a chomhaontaítear go comhpháirteach.

Thairis sin, de bhun mhír 2 d’Airteagal 16.18 glacfaidh an Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe na rialacha níos imeachta maidir leis an bpainéal saineolaithe.

Cuireadh rialacha níos imeachta le chéile idir na páirtithe.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, ba cheart é a bheith dírithe ar an liosta saineolaithe agus na rialacha níos imeachta a ghlacadh. Ba cheart an seasamh a bhunú ar dhréachtchinneadh an Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

Déantar foráil le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le cinntí lena mbunaítear *‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’*

Áirítear leis an gcoincheap *‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’* gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach *‘a d’fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh’*¹.

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é an Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a bunaíodh faoi comhaontú, is é sin an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch.

Is gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis é an gníomh atáthar a iarraidh ar an gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a ghlacadh. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 16.8 agus 22.3 de Chomhaontú.

Leis an gníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí níos imeachta don chinneadh atáthar a mholadh.

4.2. Bunús substaintiúil dlí

4.2.1. Prionsabail

Braitheann an bunús substaintiúil dlí do chinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt

¹ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 de CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a bunaíodh faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch a mhéid a bhaineann leis an Liosta Saineolaithe a ghlacadh, agus na Rialacha Nós Imeachta maidir leis an bpainéal atá le tionóil chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar a bhaineann le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na nAirteagal ábhartha de Chaibidil 16

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch ('an Comhaontú') i gcrích le Cinneadh (AE) 2018/1907 ón gComhairle an 20 Nollaig 2018² agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2019.
- (2) Foráiltear le mír 4(d) d'Airteagal 16.18 den Chomhaontú go mbunóidh an Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe liosta de dheichniúr ar a laghad atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar shaineolaithe ar an bpainéal atá le tionóil chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na nAirteagal ábhartha de Chaibidil 16.
- (3) Foráiltear le mír 2 d'Airteagal 16.18 den Chomhaontú go nglacfaidh an Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe na rialacha nós imeachta maidir leis an bpainéal saneolaithe.
- (4) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a bhunú, mar go mbeidh an cinneadh atá beartaithe ceangailteach ar an Aontas.
- (5) De bhun mhír 3 d'Airteagal 22.3 den Chomhaontú, féadfar cinntí an Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a ghlacadh i scríbhinn freisin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a bunaíodh faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch i ndáil leis an Liosta Saineolaithe agus na Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh maidir leis an bpainéal atá le tionóil chun scrúdú a

² IO L 330, 27.12.2018, lch. 1.

dhéanamh ar an ábhar a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm Airteagail ábhartha Chaibidil 16, beidh sé bunaithe ar dhréachtchinneadh an Choiste um Fhorbairt Inbhuanaithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*